Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 22 Samhain 2022
(OR. en)

7417/16

**Comhad Idirinstitiúideach:
2016/0042(NLE)**

COEST 78
ELARG 29

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh agus a Bhallstát, Prótacal a ghabhann leis an gComhaontú Comhpháirtíochta agus Comhair lena mbunaítear comhpháirtíocht idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt, agus an Tuircméanastáin, den pháirt eile, chun aontachas Phoblacht na Bulgáire, Phoblacht na Seice, Phoblacht na hEastóine, Phoblacht na Cróite, Phoblacht na Cipire, Phoblacht na Laitvia, Phoblacht na Liotuáine, na hUngáire, Phoblacht Mhálta, Phoblacht na Polainne, na Rómáine, Phoblacht na Slóivéine agus Phoblacht na Slóvaice leis an Aontas Eorpach a chur san áireamh |

**CINNEADH (AE) 2016/... ÓN gCOMHAIRLE**

**an ...**

**maidir le síniú,**
**thar ceann an Aontais Eorpaigh agus a Bhallstát,**
**Prótacal a ghabhann leis an gComhaontú Comhpháirtíochta agus Comhair**
**lena mbunaítear comhpháirtíocht idir na Comhphobail Eorpacha**
**agus a mBallstáit, de pháirt,**
**agus an Tuircméanastáin, den pháirt eile,**
**chun aontachas Phoblacht na Bulgáire,**
**Phoblacht na Seice, Phoblacht na hEastóine, Phoblacht na Cróite,**
**Phoblacht na Cipire, Phoblacht na Laitvia, Phoblacht na Liotuáine,**
**na hUngáire, Phoblacht Mhálta, Phoblacht na Polainne, na Rómáine,**
**Phoblacht na Slóivéine agus Phoblacht na Slóvaice leis an Aontas Eorpach a chur san áireamh**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 91, 100(2), 207 agus 209, i gcomhar le hAirteagal 218(5) de,

Ag féachaint d'Ionstraim Aontachais 2003 Phoblacht na Seice, Phoblacht na hEastóine, Phoblacht na Cipire, Phoblacht na Laitvia, Phoblacht na Liotuáine, Phoblacht na hUngáire, Phoblacht Mhálta, Phoblacht na Polainne, Phoblacht na Slóivéine agus Phoblacht na Slóvaice, agus go háirithe Airteagail 6(2) de,

Ag féachaint d'Ionstraim Aontachais 2005 Phoblacht na Bulgáire agus na Rómáine, agus go háirithe Airteagal 6(2) di,

Ag féachaint d'Ionstraim Aontachais 2011 Phoblacht na Cróite, agus go háirithe Airteagal 6(2) di,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le hAirteagal 6(2) d'Ionstraim Aontachais 2003, 2005 agus 2011, tá aontachas le comhaontú arna shíniú nó arna thabhairt i gcrích ag na Ballstáit agus ag an Aontas le tríú tíortha nó le heagraíochtaí idirnáisiúnta le comhaontú trí phrótacal a ghabhann leis an gcomhaontú sin. I gcomhréir leis an Airteagal sin, beidh feidhm ag nós imeachta simplithe maidir leis an aontachas sin, trína mbeidh prótacal le tabhairt i gcrích ag an gComhairle, ag gníomhú di d'aon toil thar ceann na mBallstát, agus ag an tríú tír lena mbaineann..

(2) An 8 Nollaig 2003, d'údaraigh an Chomhairle don Choimisiún tús a chur le caibidlíocht, thar ceann na gComhphobal agus a mBallstát, leis an Tuircméanastáin d'fhonn Prótacal a thabhairt i gcrích a ghabhann leis an gComhaontú Comhpháirtíochta agus Comhair lena mbunaítear comhpháirtíocht idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt, agus an Tuircméanastáin, den pháirt eile[1*] ('an Comhaontú'), chun aontachas Phoblacht na Seice, Phoblacht na hEastóine, Phoblacht na Cipire, Phoblacht na Laitvia, Phoblacht na Liotuáine, Phoblacht na hUngáire, Phoblacht Mhálta, Phoblacht na Polainne, Phoblacht na Slóivéine agus Phoblacht na Slóvaice leis an Aontas a chur san áireamh.

1 IO L …
* IO: cuir isteach tagairt foilseacháin an chomhaontaithe in 12288/11.

(3) An 23 Deireadh Fómhair 2006, d'údaraigh an Chomhairle don Choimisiúin tús a chur le caibidlíocht, thar ceann na gcomhphobal agus a mBallstáit, leis an Tuircméanastáin d'fhonn Prótacal a ghabhann leis an gcomhaontú a thabhairt i gcrích, chun aontachas Phoblacht na Bulgáire agus na Rómáine leis an Aontas a chur san áireamh.

(4) An 14 Meán Fómhair 2012, d'údaraigh an Chomhairle don Choimisiún tús a chur le caibidlíocht maidir le hoiriúnú a dhéanamh ar chomhaontuithe arna síniú nó arna dtabhairt i gcrích idir an tAontas, nó an tAontas agus a Bhallstáit, agus tríú tír amháin nó níos mó nó eagraíocht idirnáisiúnta amháin nó níos mó, ag féachaint d'aontachas Phoblacht na Cróite leis an Aontas.

(5) Tugadh an chaibidlíocht i gcrích go rathúil leis an Tuircméanastáin trí inisealacha a chur le Prótacal a ghabhann leis an gComhaontú chun aontachas Phoblacht na Bulgáire, Phoblacht na Seice, Phoblacht na hEastóine, Phoblacht na Cróite, Phoblacht na Cipire, Phoblacht na Laitvia, Phoblacht na Liotuáine, na hUngáire, Phoblacht Mhálta, Phoblacht na Polainne, na Rómáine, Phoblacht na Slóivéine agus Phoblacht na Slóvaice leis an Aontas ('an Prótacal') a chur san áireamh.

(6) Ba cheart an Prótacal a shíniú thar ceann an Aontais agus a Bhallstát,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leis seo, údaraítear an Prótacal a ghabhann leis an gComhaontú Comhpháirtíochta agus Comhair lena mbunaítear comhpháirtíocht idir an Comhphobal Eorpach agus a mBallstáit, de pháirt, agus an Tuircméanastáin, den pháirt eile, chun aontachas Phoblacht na Bulgáire, Phoblacht na Seice, Phoblacht na hEastóine, Phoblacht na Cróite, Phoblacht na Cipire, Phoblacht na Laitvia, Phoblacht na Liotuáine, na hUngáire, Phoblacht Mhálta, Phoblacht na Polainne, na Rómáine, Phoblacht na Slóivéine agus Phoblacht na Slóvaice leis an Aontas Eorpach a chur san áireamh a síniú thar ceann an Aontais agus a bhallstáit, faoi réir an Phrótacail sin a thabhairt i críoch[1].

*Airteagal 2*

Leis seo, údaraítear d'Uachtarán na Comhairle an duine (na daoine) a ainmniú a mbeidh sé de chumhacht aige/acu an Prótacal a shíniú, thar ceann an Aontais agus a Bhallstát.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh in/sa ...,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

---

[1] Foilseofar téacs an Phrótacail in éineacht leis an gcinneadh maidir lena thabhairt i gcrích.